| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - comhaireamh<br>Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Fadhbanna a chuirfí i láthair go nithiúil, go pictiúrtha nó ó bhéal a phlé<br>• Matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ainmneacha ainmhithe, baill chorp, feithiclí, uimhreacha suas go 20 |
| **Áiseanna** | páipéar, pinn luaidhe, criáin, cláir bhána, pictiúir ainmhithe feirme |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Fiosraíonn daltaí cé mhéad ainmhí agus cé mhéad grúpa difriúil d'ainmhithe feirme a mheaitseálann le líon cos faoi leith.

### 1 Gníomhaíocht 1

Macha Móp, Macha Móp ag féachaint tríd a teileascóp.
Breathnaíonn sí suas, breathnaíonn sí síos. Breathnaíonn sí ar chlé agus breathnaíonn sí ar dheis.
Cad is féidir léi a fheiceáil?"

- Feiceann Macha 4 chos. Cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann? An bhfuair tú iad ar fad?
- Feiceann Macha 6 chos. Cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann? An bhfuair tú iad ar fad?
- Feiceann Macha 8 gcos. Cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann? An bhfuair tú iad ar fad?
- Feiceann Macha 10 gcos. Cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann? An bhfuair tú iad ar fad?
- Feiceann Macha 12 chos. Cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann? An bhfuair tú iad ar fad?
- Feiceann Macha 14 chos. Cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann? An bhfuair tú iad ar fad?
- Feiceann Macha 16 chos. Cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann? An bhfuair tú iad ar fad?

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar na daltaí pictiúir d'fheirm a tharraingt agus socrú ar líon na gcos a bheidh le feiceáil sa phictiúr. Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar a bpictiúir do chomhscoláire ionas gur féidir leo na hainmhithe difriúla ar an bhfeirm a oibriú amach.

### 3 Gníomhaíocht 3

Iarr ar na daltaí a gcuid samhlaíochta a úsáid chun créatúir a tharraingt (m.sh., eachtráin) a bhfuil líon cos difriúla acu. D'fhéadfadh uimhreacha nach bhfeicfeadh siad i gcomhthéacs feirme go hiondúil a úsáid, mar shampla créatúr le 3 nó 5 chos. Ansin, socraíonn siad ar líon iomlán na gcos a bheidh le feiceáil ar a bpictiúr.

### 4 Gníomhaíocht 4

Iarr ar na daltaí graf a chruthú a léiríonn na cineálacha ainmhithe a tharraing siad. Cé mhéad de gach cineál ainmhí a bhí le feiceáil sna pictiúir dhifriúla?

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Feiceann Macha trí chearc agus cat amháin. Cé mhéad cos a fheiceann sí?<br>• Feiceann Macha 2 mhuc agus 3 chearc. Cé mhéad cos a fheiceann sí?<br>• Feiceann Macha 1 bhó, 2 chearc agus 2 chapall. Cé mhéad cos a fheiceann sí? | • Feiceann Macha 4 chos, cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann?<br>• Feiceann Macha 6 chos, cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann?<br>• Feiceann Macha 8 gcos, cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann?<br>• Feiceann Macha 10 gcos, cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann?<br>• Feiceann Macha 12 chos, cad iad na hainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

Is féidir teorainn a chur leis an méid nó cineál ainmhí atá ann ionas go mbeidh páistí níos cruthaithí.

Is féidir líon na gcos sa ghníomhaíocht a shocrú de réir thuiscint na ndaltaí. Is féidir baill choirp ainmhithe difriúla a chur leis mar shíneadh le líon na gcos. Mar shampla, cuir x cos agus x súil nó eireaball san áireamh i do phictiúr.

Is féidir an ghníomhaíocht a dhifreáil de réir topaice nó comhthéacs. Mar shampla, is féidir líon na rothaí ar fheithiclí a úsáid in áit cosa na n-ainmhithe, súile, cluasa, lámha ag daltaí, nó cosa ag cathaoireacha agus boird.



